C/2025/2162

9.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11947 — AP / LGP / GREEN EPIC TOPCO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2162)

1. An 31 Márta 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Apax Partners LLP ('AP', an Ríocht Aontaithe),

— Leonard Green and Partners, L.P. ('LGP', na Stáit Aontaithe),

— Green Epic Topco Holdings LP ('Target', na Stáit Aontaithe), arna rialú ag LGP.

Gheobhaidh AP agus LGP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Target.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is comhpháirtíocht faoi dhliteanas teoranta é AP atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus is máthairchuideachta é le haghaidh líon eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí comhairleacha infheistíochta do chistí cothromais phríobháidigh a infheistítear i raon earnálacha tionscail. Na cistí infheistíochta a gcuireann AP comhairle ar fáil ina leith, tá siad gníomhach ar fud an domhain,

— Is gnólacht infheistíochta i gcothromas príobháideach é LPG, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, agus a thugann comhairle i leith cistí infheistíochta a infheistítear i raon earnálacha tionscail agus/nó bainistíonn sé iad. Na cistí infheistíochta a gcuireann AP comhairle ar fáil ina leith nó a bhainistíonn AP iad, tá siad gníomhach ar fud an domhain, agus go háirithe sna Stáit Aontaithe,

— Is soláthraí bogearraí é Target, i réimse na mbogearraí feidhmchláir fiontair, go háirithe Pleanáil Acmhainní Fiontraíochta, agus tá sé lonnaithe sna Stáit Aontaithe. Tá Target gníomhach go príomha sna Stáit Aontaithe agus tá mionghníomhaíochtaí ar bun aige san Aontas Eorpach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11947 — AP / LGP / GREEN EPIC TOPCO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË